



C/2026/2183

15.4.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú
(Cás M.12286 — HONDA / ASTEMO)
Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/2183)

1. An 7 Aibreán 2026, fuair an Coimisiún fógra faoi chomhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ⁽¹⁾.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

- Honda Motor Co., Ltd. (Honda, an tSeapáin),
- Astemo, Ltd. (Astemo, Japan), atá faoi rialú comhpháirteach Honda agus Hitachi Ltd.

Gheobhaidh Honda rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Astemo ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- Baineann gníomhaíochtaí gnó domhanda Honda le ceithre phríomhréimse: gluaisteáin, gluaisrothair, seirbhísí airgeadais agus táirgí cumhachta/gníomhaíochtaí gnó eile,
- Baineann gníomhaíochtaí gnó domhanda Astemo le comhpháirteanna mótarfheithiclí, comhpháirteanna bainteach le hiompar, meaisíní tionsclaíocha agus córais thionsclaíocha a fhorbairt, a mhonarú agus a dhíol, mar aon le seirbhísí gaolmhara.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ⁽²⁾, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12286 — HONDA / ASTEMO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

⁽¹⁾ IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

⁽²⁾ IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.